
# Comórtas Peile na Gaeltachta

EoEochairfhocail: lóistín, scór, idirmheánach, reáchtáil, an lucht féachana

Príomhscileanna: scríobh, léamh, éisteacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1.Cé mhéad club a bheidh páirteach i gComórtas Peile na Gaeltachta i mbliana?
2.Cathain a reáchtáladh Comórtas Peile na Gaeltachta go deireanach i gCill Chartha?
3.Cén tuairim atá ag lucht Chill Chartha ar Chomórtas Peile na Gaeltachta, dar le Caroline Ní Bhrádaigh?
4.Céard í an fhadhb is mó atá le sárú anois agus an club ag ullmhú don Chomórtas?
5.Cén dream daoine nach bhfuil lóistín faighte go fóill lena n-aghaidh?
6.Cé mhéad Euro a thuillfidh Comórtas Peile na Gaeltachta do Chill Chartha, má thagann an slua a bhfuiltear ag súil leis?
7.Cén chuid den Chomórtas ag a n-imreoidh foireann Chill Chartha a gcéad chluiche, dar le Ben Ó Raifeartaigh?
8.Ainmnigh trí cinn de chineálacha éagsúla comórtas peile a bheidh ar siúl le linn na deireadh seachtaine?
9.Cathain a chuirfear tús le Comórtas Peile na Gaeltachta 2026?
10.Ar fhéach tú riamh ar Chomórtas Peile na Gaeltachta ar TG4?



## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: líon na bearnaí


**Gaeltachta, mná, difriúil, fud, líon, deireadh, nós, siúl,**

Reáchtáladh Comórtas Peile na ________ den chéad uair siar sa bhliain 1969. Ba i nGaoth Dobhair i nDún na nGall a bhí an chéad Chomórtas ar____. Anois, bíonn an Comórtas ar siúl ag ________ mhí na Bealtaine nó ag tús mhí an Mheithimh gach bliain. Is i gclub Gaeltachta _______ a bhíonn an Comórtas ar siúl gach bliain. Glacann clubanna ó na ceantair Ghaeltachta éagsúla ar __ na tíre páirt ann. Chomh maith leis sin, le tamall de bhlianta anuas, is ___ le clubanna nach clubanna Gaeltachta iad páirt a ghlacadh sa Chomórtas. Reáchtáiltear comórtais do na fir agus do na_____. Is iad Gaoth Dobhair agus NaomhÁban ó Chorcaigh an dá chlub is rathúla i stair an Chomórtais ó thaobh ____ na gcorn de. Is sár-chomórtas é agus níl aon dabht faoi ach go mbeidh an-deireadh seachtaine go deo ag gach duine idir óg agus aosta i gCill Chartha i gceann coicíse.

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

**Féach ar an mír nuachta arís agus déan cur síos ar cheantar Chill Chartha mar a fheiceann tú sa mhír nuachta é. Is leor 100 focal sa chur síos. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.**

- Ceantar iargúlta
- Áilleacht nádúrtha
- Páirc álainn
- Abhainn
- Gar don chósta
- Faoin tuath
- Radharc
- Góilín/cuaisín



**Freagraí**

1. Suas le 20 club
2. 2004
3. Meas an-mhór
4. Fadhb lóistín
5. An lucht féachana
6. Idir 80 agus 100 míle Euro
7. An cluiche leathcheannais
8. Sóisear na bhfear, sinsear na bhfear, sóisear, idirmheánach agus sinsear na mban
9. Tráthnóna Aoine, 29 Bealtaine

Reáchtáladh Comórtas Peile na Gaeltachta den chéad uair siar sa bhliain 1969. Ba i nGaoth Dobhair i nDún na nGall a bhí an chéad Chomórtas ar siúl. Anois, bíonn an Comórtas ar siúl ag deireadh mhí na Bealtaine nó ag tús mhí an mheithimh gach bliain. Is i gclub Gaeltachta difriúil a bhíonn an Comórtas ar siúl gach bliain. Glacann clubanna ó na ceantair Ghaeltachta éagsúla ar fud na tíre páirt ann. Chomh maith leis sin, le tamall de bhlianta anuas, is nós le clubanna nach clubanna Gaeltachta iad páirt a ghlacadh sa Chomórtas. Reáchtáiltear comórtais do na fir agus do na mná. Is iad Gaoth Dobhair agus Naomh Ában ó Chorcaigh an dá chlub is rathúla i stair an Chomórtais ó thaobh líon na gcorn de. Is sár-chomórtas é agus níl aon dabht faoi ach go mbeidh an-deireadh seachtaine go deo ag gach duine idir óg agus aosta i gCill Chartha i gceann coicíse.

